Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Nollaig 2017**
**(OR. en)**

**15571/17**

**DEVGEN 290**
**ACP 144**
**RELEX 1096**
**ONU 162**
**SOC 804**
**COHAFA 108**
**COHOM 160**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 11 Nollaig 2017 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 14446/17 |
| Ábhar: | Tuarascáil 2016 ar Chur Chun Feidhme Phlean Gníomhaíochta II AE maidir le Comhionannas Inscne<br>Comhionannas Inscne agus Cumhachtú na mBan: Saol na gCailíní agus na mBan a Bhunathrú chun Feabhais trí Chaidreamh Seachtrach an Aontais Eorpaigh 2016-2020<br>- Conclúidí ón gComhairle (11 Nollaig 2017) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir leis an Tuarascáil Bhliantúil 2016 maidir le cur chun feidhme Phlean Gníomhaíochta II AE maidir le Comhionannas Inscne - Comhionannas Inscne agus Cumhachtú na mBan: Saol na gCailíní agus na mBan a Bhunathrú chun Feabhais trí Chaidreamh Seachtrach an Aontais Eorpaigh 2016-2020, mar a ghlac an Chomhairle iad ag an 3587ú cruinniú a bhí aici ar an 11 Nollaig 2017.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle**

**Tuarascáil 2016 ar Chur Chun Feidhme Phlean Gníomhaíochta II de chuid an Aontais maidir le Comhionannas Inscne**

**Comhionannas Inscne agus Cumhachtú na mBan: Saol na gCailíní agus na mBan a Bhunathrú chun Feabhais trí Chaidreamh Seachtrach an Aontais Eorpaigh 2016-2020**

1. Tá an tAontas agus a Bhallstáit meáite go mór ar uilíocht agus ar dhodhealaitheacht chearta an duine mar aon le saoirsí bunúsacha a áirithiú do chách. Déanann an tAontas agus a Bhallstáit a ndícheall chun a áirithiú go mbeidh comhionannas inscne ann, gur féidir le mná agus cailíní tairbhe a bhaint as cearta uile an duine, agus go ndéanfar na mná sin agus na cailíní sin a chumhachtú, agus is ceannairí domhanda iad sa mhéid sin. Is tábhachtach an uirlis é an plean gníomhaíochta inscne ina leith sin. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil an comhionannas inscne agus cumhachtú na mban agus na gcailíní ríthábhachtach le haghaidh chlár oibre 2030 agus le haghaidh na spriocanna forbartha inbhuanaithe (SFIanna) a bhaint amach, mar sprioc ar leith ann féin agus mar thosaíocht thrasearnálach, freisin.

2. Athdhearbhaíonn an tAontas agus na Ballstáit go dtabharfaí tosaíocht i ngach ceann dá réimsí gníomhaíochta do chur chun cinn chearta na mban agus chearta na gcailíní, don chomhionannas inscne, do chumhachtú na mban agus na gcailíní agus dá gcosaint.[1] Áireofar ar an méid sin: a gcearta agus a gcumhachtú eacnamaíoch agus sóisialta a chur chun cinn, glór níos láidre agus níos éifeachtúla a thabhairt dóibh, níos mó deiseanna a thabhairt dóibh chun bheith rannpháirteach sa saol sóisialta, eacnamaíoch, polaitiúil agus sibhialta, agus a sláine fhisiceach agus shíceolaíoch a áirithiú. Ina theannta sin, caithfidh an tAontas agus a mBallstáit a gcultúr institiúideach a athrú chun a ngealltanais a chomhlíonadh.

[1] Comhdhearcadh nua Eorpach maidir le forbairt: "Ár Saol, Ár nDínit, Ár dTodhchaí", OJ C 210, 30.6.2017, lch.1

3. Meabhraíonn an Chomhairle di conclúidí an 26 Bealtaine 2015 uaithi maidir le hinscne i gcomhthéacs na forbartha[2] agus conclúidí an 26 Deireadh Fómhair 2015 uaithi maidir le GAP II[3], agus cuireann sí in iúl an athuair a thábhachtaí atá sé go n-áireofaí, ar bhealach straitéiseach éifeachtach, cur chun feidhme, faireachán, meastóireacht, tuairisciú agus obair leantach i gcomhair an phlean gníomhaíochta sin i gcaidreamh seachtrach uile an Aontais.

4. Is díol sásaimh don Chomhairle an dul chun cinn a rinneadh maidir le cur chun feidhme GAP II[4], mar a cuireadh i láthair sa chéad tuarascáil bhliantúil ar chur chun feidhme. Is díol sásaimh di faisnéis mhionsonraithe shubstaintiúil a bheith sa tuarascáil lena gcumhdaítear raon leathan geografach. Molann an Chomhairle iarrachtaí comhpháirteacha an Aontais agus na mBallstát d'fhonn tuairisciú ar a gcuid gníomhaíochtaí ar leibhéal na dtíortha comhpháirtíochta agus ar leibhéal na ceanncheathrún araon, lena n-áirítear i ndáil le misin agus le hoibríochtaí CBSC. Cuireann an Chomhairle i dtreis gur gá dlús a chur leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag seirbhísí an Choimisiúin, ag SEGS agus ag na Ballstáit, agus gur gá a dtiomantas a dhaingniú, ar mhaithe le GAP II a chur chun feidhme go hiomlán agus go héifeachtach.

5. Tugann an Chomhairle dá haire an dul chun cinn atá déanta sna sé cinn de spriocanna maidir le hathruithe cultúrtha institiúideacha, amhail ceannaireacht pholaitiúil agus bhainistíochta a bheith níos tiomanta, príomhshruthú gníomhaíochtaí inscne a mhéadú ar fud na dtionscnamh nua, úsáid níos fearr a bhaint as anailísí inscne agus sonraí imdhealaithe gnéis, agus cistí tiomnaithe agus saineolas inscne a mhéadú. Cuireann an Chomhairle i bhfáth go bhfuil sé ríthábhachtach dul chun cinn leanúnach a dhéanamh i réimse iomlán na n-athruithe cultúrtha institiúideacha, lena n-áirítear na cuspóirí sin a chomhtháthú níos fearr i gcleachtais eagrúcháin éigeantacha. Is díol sásaimh don Chomhairle, freisin, go dtugtar deis athnuaite le GAP II don chomhar feabhsaithe maidir le comhionannas inscne, cearta an duine agus cumhachtú na mban agus na gcailíní idir gníomhaithe uile an Aontais agus na Ballstáit, sa cheanncheathrú agus sna tíortha comhpháirtíochta araon.

---

[2] 9242/15

[3] 13201/15

[4] 11786/17 - SWD(2017) 288 final

6. Tugann an Chomhairle dá haire gur roghnaíodh trí thosaíocht théamacha GAP II i ngach réigiún agus gur tugadh bunáite aird thoscaireachtaí an Aontais agus na mBallstát ar leibhéal na dtíortha comhpháirtíochta ar dhíothú agus cosc gach cineáil foréigin in aghaidh ban agus cailíní san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon (GAP II Cuspóir 7); ar rochtain chothrom a áirithiú do chailíní agus do mhná ar gach leibhéal den oideachas ardcháilíochta, den ghairmoideachas agus den ghairmoiliúint, saor ó idirdhealú (GAP II Cuspóir 13); ar chun cinn agus cosaint chearta comhionanna agus cumas na mban chun páirt a ghlacadh i bpróisis bheartais agus rialachais ar gach leibhéal (GAP II Cuspóir 17).

7. Cuireann an Chomhairle in iúl go láidir gur den riachtanas é go gcuirfí na tosaíochtaí agus na cuspóirí téamacha go léir chun feidhme ar fud raon feidhme geografach níos leithne agus go ndéanfadh gníomhaithe éagsúla an cur chun feidhme sin, má táthar chun saol ban agus cailíní, fear agus buachaillí a chlaochlú. Chuige sin, tá gá le rannpháirtíocht ardleibhéil, fhadtéarmach ón leibhéal polaitiúil chomh maith le dlúthchomhordú leanúnach idir na leibhéil pholaitiúla, bheartais agus oibríochtúla, agus comhtháthú forásach na gceachtanna a foghlaimíodh.

8. Tá an tAontas fós tiomanta chun cearta uile an duine a chur chun cinn, a chosaint agus a chomhlíonadh, Clár Oibre Bhéising don Ghníomhaíocht agus Clár Gníomhaíochta na Comhdhála Idirnáisiúnta maidir le Daonra agus Forbairt a chur chun feidhme go héifeachtach agus go hiomlán mar aon le pé toradh a bheidh ar a gcuid comhdhálacha athbhreithnithe agus go leanann sé de bheith tiomanta do shláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe sa chomhthéacs sin. Agus beann aige ar an méid sin, athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil sé tiomanta do chur chun cinn, cosaint agus comhlíonadh cheart gach duine smacht iomlán a bheith acu, agus cinneadh a dhéanamh gan bhac agus ar bhealach freagrach, maidir le hábhair a bhaineann lena ngnéasacht agus lena sláinte gnéis agus atáirgthe, saor ó leithcheal, ó chomhéigean agus ó fhoréigean. Is mian leis an Aontas a chur i bhfáth an athuair go dteastaíonn rochtain uilíoch ar fhaisnéis ardchaighdeáin, inacmhainne, chuimsitheach, i leith na sláinte gnéis agus atáirgthe, agus i leith an oideachais, lena n-áirítear oideachas cuimsitheach gnéis, agus seirbhísí cúraim sláinte[5]. Is mór ag an gComhairle an tuairisciú mionsonraithe ar ghníomhaíochtaí an Aontais maidir le sláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe mar a leagtar amach sa Chomhdhearcadh nua Eorpach maidir le forbairt, agus cuireann sí in iúl go láidir an gá atá le feabhas a chur ar an modheolaíocht tuairiscithe, leanúint de leas a bhaint as cistí breise agus de thacaíocht a thabhairt do gheallsealbhóirí sa réimse seo.

---

[5] Comhdhearcadh nua Eorpach maidir le forbairt: "Ár Saol, Ár nDínit, Ár dTodhchaí", OJ C 210, 30.6.2017, lch.1

9. Aithníonn an tAontas ról tábhachtach eagraíochtaí na sochaí sibhialta atá ag obair chun comhionannas inscne a bhaint amach, go háirithe eagraíochtaí ban, ó thaobh GAP II a chur chun feidhme. Cuireann an Chomhairle in iúl go láidir a thábhachtaí atá sé feabhas a chur ar an tacaíocht a thugtar do chosantóirí chearta daonna na mban agus iarrann sí go ndéanfaí rannpháirtíocht agus comhairliúchán níos láidre leis an tsochaí shibhialta ar gach leibhéal agus GAP II á chur chun feidhme , lena n-áirítear san anailís inscne, agus trí na timthriallta clársceidealaithe agus beartais. Leagann sí béim freisin ar a thábhachtaí atá sé dul i dteagmháil le fir agus le buachaillí ar bhealaí éifeachtacha chun deireadh a chur le míchothromaíochtaí inscne, aghaidh a thabhairt ar noirm idirdhealaitheacha shóisialta, troid i gcoinne steiréitíopaí inscne, agus rannpháirtíocht na mban agus na gcailíní sa saol polaitiúil agus sibhialta a láidriú. Ina theannta sin, iarrann sí ar na gníomhaithe uile straitéisí a fhorbairt chun dul i ngleic le bunchúiseanna an neamhionannais inscne agus an fhoréigin i gcoinne ban agus cailíní, lena n-áirítear foréigean páirtí dlúthchaidrimh agus cleachtais dhíobhálacha, amhail ciorrú ball giniúna ban agus pósadh linbh, pósadh róluath agus pósadh éigeantach.

10. Tugann an Chomhairle dá haire na moltaí maidir le feabhas a chur ar chur chun feidhme GAP II agus iarrann sí ar Sheirbhísí an Choimisiúin, ar SEGS agus ar na Ballstáit go léir iad a chur chun feidhme. Iarrann sí go ndéanfaí iarrachtaí feabhsaithe i ndáil le príomhshruthú inscne i ngach earnáil i ngníomhaíocht sheachtrach uile an Aontais, lena n-áirítear úsáid chórasach a bhaint as anailís inscne, sonraí imdhealaithe gnéis agus aoise, agus úsáid fheabhsaithe a bhaint as táscairí GAP II sna timthriallta tionscadal agus bainistithe cláir. Thairis sin, leagann sí béim ar a riachtanaí atá sé go méadófaí an comhordú idir an tAontas agus na Ballstáit, ar leibhéal na tíre agus sa cheanncheathrú araon, d'fhonn peirspictíochtaí inscne a chomhtháthú san idirphlé polaitiúil le tíortha comhpháirtíochta. Iarrann sí freisin go gcuirfí feabhas ar an gceannaireacht ar gach leibhéal, go háirithe ar leibhéil shinsearacha polaitíochta agus bainistíochta, i ndáil le cur chun feidhme GAP II. Cuireann an Chomhairle in iúl go láidir gur gá an pheirspictíocht inscne a chomhtháthú tuilleadh sna cúrsaí oiliúna ar leibhéal na ceanncheathrún agus sna tíortha comhpháirtíochta. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún leas a bhaint as an athbhreithniú meántéarma ar na cláir ilbhliantúla tháscacha mar dheis chun athbhreithniú a dhéanamh ar thionscnaimh chun cuspóirí GAP II a sheachadadh ar bhealach níos fearr.

11. Is díol sásaimh don Chomhairle gur seoladh an Tionscnamh Spotsolais mar shampla de ghníomhaíocht chomhcheangailte AE-NA chun deireadh a chur le foréigean i gcoinne ban agus cailíní. Iarrann an Chomhairle ar Sheirbhísí an Choimisiúin agus ar SEGS dlúthchomhordú agus dlúthchomhar a dhéanamh leis na Ballstáit, comhlántachtaí a chuardach agus féachaint an bhféadfaí comhpháirtíochtaí a bhunú le tionscnaimh atá ann cheana, chun go mbainfear amach na torthaí a bhfuiltear ag súil leo le GAP II. Is díol sásaimh di freisin ceannaireacht an Choimisiúin ar an nGairm chun Gnímh i ndáil le Cosaint ar Fhoréigean Inscne.

12. Iarrann an Chomhairle ar Sheirbhísí an Choimisiúin agus ar SEGS úsáid iomlán a bhaint as an gcuntasacht a soláthraítear le tuairisciú GAP II - idir an phróiseas agus an toradh deiridh - mar bhealach chun an dea-fheidhmiú a mholadh agus anailís a dhéanamh ar easnaimh gach ceann de na comhpháirteanna. Iarrann an Chomhairle ar Sheirbhísí an Choimisiúin agus ar SEGS féachaint an bhféadfaí bealaí a shainiú chun na riachtanais tuairiscithe a shimpliú agus a chomhchuibhiú mar is iomchuí, chun feabhas a chur ar an modheolaíocht tuairiscithe, lena n-áirítear úsáid a bhaint as táscairí iomchuí i ngach réimse beartais. D'fhonn feabhas a chur ar an anailís shubstainteach ar chur chun feidhme GAP II, leagann an Chomhairle béim ar a riachtanaí atá sé a áirithiú go mbeidh aiseolas cáilíochtúil agus dea-chleachtais ó Sheirbhísí an Choimisiúin, SEGS agus na Ballstáit sa tuarascáil. Tá an Chomhairle ag tnúth leis an dara tuarascáil cur chun feidhme agus iarrann sí ar na Ballstáit agus ar ghníomhaithe ábhartha uile an Aontais sa cheanncheathrú agus i dtoscaireachtaí an Aontais rannchuidiú go hiomlán agus go tráthúil leis na cleachtaí tuairiscithe a bheidh ann amach anseo.